Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10849 – HUK / BRI / LNN / PITSTOP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 307/08)

1. An 4 Lúnasa 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— HUK-Coburg Haftpflicht-Unterstützungs-Kasse kraftfahrender Beamter Deutschlands a.G. ("HUK", an Ghearmáin),

— LNN Flug GmbH ("LNN", an Ghearmáin), ar le Mr. Stefan Kulas amháin é,

— Bridgestone Europe NV/AS ("BRI", an Bheilg), an fhochuideachta Eorpach de chuid Bridgestone Corporation ("Bridgestone", an tSeapáin),

— pitstop.de GmbH ('pitstop, an Ghearmáin).

Gheobhaidh HUK, BRI agus LNN rialú comhpháirteach ar pitstop ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuideachta árachais is ea HUK atá dírithe ar árachas mótarfheithiclí,

— Tá LNN gníomhach i gcairtfhostú eitleán,

— Den chuid is mó, soláthraíonn BRI boinn nua do mhonaróirí mótarfheithiclí agus do mhiondíoltóirí bonn. Ina theannta sin, tá fochuideachtaí de chuid BRI gníomhach i ndeisiú agus i gcothabháil mótarfheithiclí san Eoraip,

— Cuireann pitstop gnáthsheirbhísí ceardlainne mótarfheithiclí ar fáil i réimse seirbhísí mótarfheithiclí amhail cigireachtaí, cothabháil agus deisiúcháin de gach cineál.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10849 – HUK / BRI / LNN / PITSTOP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË